C/2023/994

14.11.2023

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2023

lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) a chomhlíonadh

(C/2023/994)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 10 maidir le buanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 4(2)(d) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle le cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na mBallstát rannpháirteach (na Ballstáit rannpháirteacha) chun na gealltanais a comhaontaíodh a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an sásra ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 6 den Chinneadh sin.

(2) Foráiltear le hAirteagal 6(3) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhfuil an Chomhairle, ar bhonn na tuarascála bliantúla ar PESCO arna tíolacadh ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), le hathbhreithniú a dhéanamh uair sa bhliain féachaint an bhfuil na gealltanais is ceangailtí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh sin á gcomhlíonadh fós ag na Ballstáit rannpháirteacha.

(3) Sonraítear le Foscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2020 maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach PESCO 2020 go bhfuil an tArdionadaí le tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme PESCO a chur i láthair faoi mhí Iúil gach bliain, d'fhonn go nglacfaidh an Chomhairle a moladh lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO faoi mhí na Samhna na bliana sin a chomhlíonadh. Foráiltear le mír 16 den Mholadh ón gComhairle an 6 Márta 2018 maidir le treochlár chun PESCO ([2]) a chur chun feidhme gur cheart don Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh comhairle mhíleata agus moltaí míleata a chur ar fáil don Choiste Polaitiúil agus Slándála chun go mbeidh ar chumas an Choiste an t-athbhreithniú ón gComhairle a ullmhú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na gealltanais is ceangailtí á gcomhlíonadh fós ag na Ballstáit rannpháirteacha.

(4) Foráiltear le mír 26 den Mholadh ón gComhairle an 16 Samhain 2021 maidir le comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí a tugadh faoi chuimsiú PESCO a sheicheamhú agus lena sonraítear cuspóirí níos beaichte, agus lena n-aisghairtear Moladh an 15 Deireadh Fómhair 2018 ([3]) ('Moladh an 16 Samhain 2021'), go ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a athbhreithniú agus a nuashonrú dá réir agus go gcuirfidh siad in iúl do rúnaíocht PESCO iad faoin 10 Márta 2022, agus go bliantúil ina dhiaidh sin faoin dáta céanna i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, i bhfianaise an phróisis measúnaithe a leagtar amach in Airteagal 6(3) den Chinneadh sin. Gach bliain eile, tá ráiteas polaitiúil ardleibhéil le bheith ag gabháil leis na pleananna náisiúnta cur chun feidhme ina bhféadfadh na Ballstáit rannpháirteacha cur síos a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach acu, tosaíochtaí sonracha náisiúnta a lua agus a dtaithí a chomhroinnt maidir le pleanáil agus rannchuidiú le gach gealltanas is ceangailtí a chomhlíonadh.

([1]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.
([2]) IO C 88, 8.3.2018, lch. 1.
([3]) IO C 464, 17.11.21, lch. 1.

(5) Foráiltear le mír 28 den Mholadh an 16 Samhain 2021 gur cheart don Ardionadaí an Moladh sin a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar PESCO ó 2022 ar aghaidh, agus tacófar, leis sin, leis an measúnú ar chomhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí ag gach Ballstát rannpháirteach.

(6) An 21 Márta 2022, ghlac an Chomhairle an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint agus, an 20 Márta 2023, thíolaic an tArdionadaí a Thuarascáil Bhliantúil maidir le Cur Chun Feidhme an Chompáis Straitéisigh inar iarr sé go leanfaí de rannpháirtíocht pholaitiúil láidir leanúnach na mBallstát chun go mbainfeadh PESCO a chuspóirí amach agus chun tacú le cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh.

(7) An 23 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1015 ([4]),lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach.

(8) An 25 Iúil 2023, chuir an tArdionadaí a Thuarascáil Bhliantúil maidir le stádas chur chun feidhme PESCO ('an Tuarascáil Bhliantúil') ar fáil don Chomhairle lena n-áirítear maidir lena gcuid gealltanas a bheith á gcomhlíonadh ag gach Ballstát rannpháirteach, i gcomhréir lena bPlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme a ndearnadh nuashonrú agus athbhreithniú air.

(9) Ar an mbonn sin, ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, moladh a ghlacadh lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

I. Cuspóir agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Mholadh seo measúnú a dhéanamh ar na rannchuidithe atá déanta ag na Ballstáit rannpháirteacha chun an 20 gealltanas is ceangailtí a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh. Tá an measúnú bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil a chuir an tArdionadaí ar fáil an 25 Iúil 2023 agus ar na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a thíolaic na Ballstáit rannpháirteacha in 2023.

II. Torthaí agus moltaí

2. Ar bhonn na Tuarascála Bliantúla, cuireann an Chomhairle in iúl gur chuir na Ballstáit rannpháirteacha go mór lena n-iarrachtaí chun na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí thionscadail PESCO a léiríonn dul chun cinn i ngach réimse ábhartha. Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire go léirítear na chéad impleachtaí atá ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, atá fós ar siúl, ar bheartais agus ar thionscadail slándála agus cosanta na mBallstát rannpháirteach i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo. Léirítear sin leis na hathruithe tosaigh a rinneadh ar na pleananna atá ag na Ballstáit rannpháirteacha cheana chun na cumais is gá le haghaidh cogaíochta ard-déine a áirithiú, lena n-áirítear cumasóirí straitéiseacha, an rún atá ann na beartais agus na straitéisí tionsclaíochta náisiúnta i réimse na cosanta a choigeartú, agus sa chomhar feabhsaithe chun iompar míleata trasteorann a éascú san Eoraip, lena n-áirítear tacaíocht an óstnáisiúin. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, is príomhchreat é PESCO don chomhar cosanta agus chun feabhas a chur ar chumais chosanta na mBallstát rannpháirteach, creat atá solúbtha agus inoiriúnaithe, agus atá fós á stiúradh ag na Ballstáit. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht na Danmhairge mar an 26ú Ballstát, rud a léiríonn go soiléir go bhfuil PESCO fós ábhartha. Le hAontas níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne.

3. Léirítear a luachmhar atá creat PESCO freisin agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin nua slándála. Agus na Ballstáit rannpháirteacha ag déanamh níos mó chun gealltanais PESCO a chomhlíonadh, tá impleachtaí na timpeallachta slándála atá athraithe go mór á bhfeiceáil anois sna cúig réimse seo a leanas: caiteachas, pleanáil, an ghné oibríochtúil, aghaidh a thabhairt ar easnaimh chumais agus Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú. Cé nach bhfuil athrú mór le feiceáil go fóill sna Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil na Ballstáit rannpháirteacha ag tabhairt aird ar na hathruithe tosaigh sna pleananna atá acu cheana chun na cumais atá ag teastáil le haghaidh cogaíocht ard-déine a chinntiú, cumasóirí straitéiseacha san áireamh. Tá bearta déanta i roinnt tionscadal PESCO chun go mbeidh níos mó cumas ar fáil do na Ballstáit rannpháirteacha agus chun éifeachtacht na gcumas sin a mhéadú go tapa i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, atá fós ar siúl. Áirítear i dtionscdail den sórt sin cur i gcoinne aerchóras gan foireann, tacaíocht leighis agus bonneagar criticiúil muirí a chosaint.

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1015 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2023 lena ndearbhaítear rannpháirtíocht na Danmhairge in PESCO, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2315 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (IO L 136, 24.5.2023, lch. 73).

Dul chun cinn sna cúig réimse inar tugadh gealltanais

4. Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil comhar níos fearr faoi chuimsiú PESCO agus go bhfuil feabhas tagtha ar chúrsaí sna réimsí gealltanais uile. Ag an am céanna, aithníonn sí go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn chun na gealltanais uile a chomhlíonadh faoi dheireadh an dara céim thosaigh de PESCO, in 2025.

5. Chuige sin, cuireann an Chomhairle an méid seo a leanas in iúl:

(a) choinnigh na Ballstáit rannpháirteacha orthu de bheith ag cur lena gcaiteachas cosanta, rud a d'fhág gur tháinig fás 12 % ar an gcaiteachas sin in 2023, agus tá méaduithe breise tuartha le haghaidh 2024-2025. Thairis sin, agus réitigh láithreacha á lorg a rachadh chun tairbhe EDTIB, úsáideadh 25 % den chaiteachas cosanta iomlán a leithdháileadh ar infheistíocht cosanta in 2022 chun luas a chur le soláthar cumas riachtanach agus athsholáthar stoc trí úsáid a bhaint as táirgí réamhdhéanta. Agus clár oibre Versailles agus an Compás Straitéiseach á meabhrú di, athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór gur mó agus gur fearr a chaithfimis airgead i réimse na cosanta agus go gcuirfimis feabhas ar fhorbairt cumais agus ar phleanáil san Aontas chun aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí oibríochtúla agus ar bhagairtí agus dúshláin nua ar bhealach níos fearr. Ag an am céanna, iarrann an Chomhairle go ndéanfadh na Ballstáit rannpháirteacha uile a ndícheall chun an laghdú ó 1,7 % go 1,1 % ar chaiteachas Taighde agus Teicneolaíochta Cosanta a iompú, caiteachas atá fós i bhfad faoi bhun an chomh-thagarmharc arb ionann é agus 2 %. Ba cheart cur go mór le taighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht, mar aon le ceannach – go háirithe ar bhealach comhpháirteach idir na Ballstáit rannpháirteacha – agus é sin a bheith mar thosaíocht ag na Ballstáit rannpháirteacha i gcónaí, agus an chothromaíocht cheart a bhaint amach freisin idir nuálaíocht fhadtéarmach i dtaca le cumais amach anseo agus chun go mbeidh go leor trealamh míleata agus stoc-charn d'fhonn neart a chur le EDTIB;

(b) léirigh na Ballstáit rannpháirteacha gur tháinig roinnt feabhsuithe ar an úsáid a bhaintear as uirlisí agus tionscnaimh forbartha cumais an Aontais mar thagairtí sna próisis náisiúnta. I ndáil leis an méid sin, moltar dóibh lánúsáid a bhaint as uirlisí agus tionscnaimh tosaíochta an Aontais, go háirithe an Plean Forbraíochta Cumas a fheidhmíonn mar phointe tagartha lárnach d'fhorbairt cumas an Aontais, agus an Próiseas Príomhspriocanna maidir le pleanáil cumas á chur san áireamh, agus maidir le gach tionscnamh agus ionstraim de chuid an Aontais a bhaineann le cosaint, chomh maith le moltaí ón Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint chun pleanálaithe náisiúnta cumais a chur ar an eolas agus, ar an gcaoi sin, tacú le hiarrachtaí na mBallstát rannpháirteach a bpleananna cosanta a chóineasú, i gcás inar féidir. Meabhraítear don Chomhairle gur áirithíodh agus go n-áiritheofar feasta comhleanúnachas an aschuir idir an Plean Forbraíochta Cumas agus am Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, ar thaobh amháin, agus próisis ECAT sa réimse céanna, mar shampla Próiseas Pleanála Cosanta ECAT, ar an taobh eile, i gcás ina mbíonn ceanglais ag forluí ar a chéile, agus go n-aithneofar san am céanna cineál éagsúil an dá eagraíocht gona bhfreagrachtaí gona mballraíochtaí faoi seach;

(c) chun go líonfaí na bearnaí atá fágtha agus ar cheart iad a líonadh go práinneach, moltar do na Ballstáit rannpháirteacha níos mó a dhéanamh chun cabhrú le misin agus oibríochtaí míleata leanúnacha an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC), agus leis an mBunachar Sonraí Cuimsitheach, a bunaítear ar Uainchlár Chathghrúpaí an Aontais, ar an mBunachar Sonraí Mearfhreagartha agus ar Liostaí d'eilimintí Fórsa, agus a chuireann gné bhunúsach ar fáil do struchtúr Acmhainneacht Mhear-Imscartha an Aontais, agus phrionsabal an fhoinse aonair fórsaí á chur san áireamh. Thairis sin, agus an Próiseas Príomhspriocanna á mheabhrú, moltar do na Ballstáit rannpháirteacha aghaidh a thabhairt go sonrach ar easnaimh sna cumais straitéiseacha, is iad sin na Spriocanna Ardtionchair Cumais. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha an t-athmheasúnú ar raon feidhme agus sainiú chomhchostais mhisin agus oibríochtaí míleata CBSC, freachnamh míleata agus acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais a thabhairt chun críche d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil in 2023. Ba cheart bailchríoch a chur go práinneach ar an obair ar shainiú na bparaiméadar maidir le cion cothrom na rannchuidithe le misin agus oibríochtaí míleata, mar a iarradh sa Mholadh an 16 Samhain 2021 a sheicheamhú a luaithe is féidir;

(d) níor thug na Ballstáit rannpháirteacha tosaíocht ard go leor go fóill ar chur chuige comhoibríoch Eorpach agus aghaidh á tabhairt acu ar bhearnaí cumais. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle gur mó atá na Ballstáit rannpháirteacha ag fiosrú roghanna comhoibríocha faoi chuimsiú an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha agus chun infhaighteacht agus éifeachtacht na gcumas cosanta a mhéadú, molann sí dóibh tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus úsáid a bhaint as acmhainní buiséadacha méadaitheacha freisin chun infheistíocht a dhéanamh i réitigh chomhoibríocha Eorpacha chun bearnaí cumais a dhúnadh, rud a rannchuideoidh le comhleanúnachas na timpeallachta cosanta san Aontas agus le laghdú na spleáchas teicneolaíoch agus tionsclaíoch, i gcás inarb indéanta;

(e) tá na Ballstáit rannpháirteacha ag leanúint d'úsáid a bhaint as an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) mar príomhfhóram Eorpach le haghaidh forbairt chomhpháirteach ar chumais, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí lena n-áirítear comhchuibhiú ceanglas agus nuálaíochta agus mar chreat le haghaidh soláthar comhpháirteach. Is croíchuspóirí fós iad comhchuibhiú na gceanglas míleata, chomh maith le hidir-inoibritheacht na bhfórsaí armtha, i dtéarmaí cumas agus oibríochtaí araon, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh in PESCO;

(f) dhírigh na Ballstáit rannpháirteacha ar chur ar chumas a dtionscal náisiúnta páirt a ghlacadh i gcomhar trasteorann laistigh den Aontas, go háirithe faoin gCiste Eorpach Cosanta. Tugann roinnt Ballstát rannpháirteach le fios go bhfuil sé ar intinn acu beartais agus straitéisí tionsclaíocha cosanta náisiúnta a choigeartú i gcomhthéacs na timpeallachta slándála atá ag athrú, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus spleáchais straitéiseacha a laghdú. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur cheart frithghníomhacht agus athléimneacht EDTIB a neartú chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cogaidh ard-déine agus molann sí do na Ballstáit rannpháirteacha leas a bhaint as tionscnaimh nua chun dlús a chur le hacmhainneacht táirgeachta thionsclaíoch cosanta an Aontais. Iarrtar ar na Ballstáit rannpháirteacha freisin leanúint dá rannpháirtíocht i gcláir chomhair a mbíonn tionchar dearfach acu ar EDTIB, lena n-áirítear trí bhreathnú ar na cláir sin ina straitéisí agus ina nósanna imeachta fála.

6. Iarrann an Chomhairle ar gach Ballstát rannpháirteach an athuair na torthaí agus na moltaí a cuireadh i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil a chur san áireamh, agus athbhreithniú a dhéanamh dá réir sin ar a rannchuidiú le comhlíonadh na ngealltanas is ceangailtí.

Tionscadail PESCO

7. I mí na Bealtaine 2023, glacadh an cúigiú sraith de thionscadail PESCO trí bhíthin Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2023/995 ([5]), rud a fhágann go bhfuil 68 dtionscadal PESCO ann agus a chuireann le comhlíonadh an 20 gealltanas is ceangailtí. Is díol sásaimh don Chomhairle na tionscadail nua arb é is aidhm dóibh cumais chriticiúla a chur ar fáil lena ndíreofar ar bhealach níos oibríochtúla chun feabhas a chur ar chumas na mBallstát rannpháirteach aghaidh a thabhairt ar bhagairtí traidisiúnta, agus cumais na chéad ghlúine eile a sholáthar, chomh maith le cosaint an bhonneagair chriticiúil ar ghrinneall na farraige, na cumarsáide agus na tacaíochta leighis atá saincheaptha d'acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais a neartú.

8. Á tabhairt dá haire di an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na dTionscadal PESCO an 11 Iúil 2023, cuireann an Chomhairle i dtreis inoiriúnaitheacht agus éifeachtacht PESCO mar chreat comhair, ina bhfuil dul chun cinn le feiceáil i dtionscadail PESCO i ngach réimse. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil aghaidh á tabhairt cheana féin ar na réimsí cumais a léiríodh leis na ceachtanna a foghlaimíodh le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine atá fós ar siúil faoi shainchúram roinnt de thionscadail leanúnacha PESCO.

9. Thairis sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil torthaí insoláthartha nithiúla á dtáirgeadh cheana féin ag tionscadail PESCO i réimsí áirithe, mar shampla cibearchúrsaí, córais gan foireann, soghluaisteacht mhíleata, faireachas ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach, seirbhísí leighis, agus nithe nach iad. Baineadh úsáid as cuid de na cumais sin, nó rinneadh gníomhachtú orthu cheana féin, mar shampla na cumais sin a cuireadh ar fáil le tionscadail PESCO dar teideal Ceannasaíocht Leighis Eorpach agus Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas, chun tacú le misin agus oibríochtaí CBSC an Aontais, eadhon EUMAM Ukraine agus EUTM Mozambique, nó le comhpháirtithe an Aontais, an Úcráin san áireamh. Is fianaise iad na forbairtí dearfacha sin gur bealach iad tionscadail PESCO chun cultúr comhoibríoch a chothú.

10. I gcás na dtionscadal sin atá beagnach críochnaithe, agus ar áirithíodh gur baineadh torthaí insoláthartha amach ina leith, d'fhéadfadh rúnaíocht PESCO plé a éascú maidir le húsáid cumas agus struchtúr gaolmhar a cuireadh ar fáil, lena n-áirítear tionscadail leantacha a d'fhéadfaí a chur ar bun. Molann an Chomhairle freisin go bhféadfaí tionscadail a dhúnadh nuair a bheadh a gcuid cuspóirí bainte amach acu agus, ar an gcaoi sin, buanchomhar struchtúrtha a bhunú. Ba cheart do Rúnaíocht PESCO na Ballstáit rannpháirteacha a chur ar an eolas maidir le dúnadh tionscadal lena áirithiú go mbeidh iarrachtaí na mBallstát sin dírithe ar thionscadail as a n-eascródh torthaí nithiúla.

11. Ag an am céanna, tugann an Chomhairle dá haire gur gá aird ar leith a thabhairt do chuid de na tionscadail nó grinnscrúdú ar leith a dhéanamh orthu chun torthaí nithiúla a bhaint amach mar a bhí beartaithe. I gcás ina n-aithníonn comhaltaí an tionscadail nach féidir leis an tionscadal na haschuir a bhfuiltear ag súil leo a sholáthar nó nach bhfuil dul chun cinn a dhéanamh ag an tionscadal a thuilleadh, ba cheart an tionscadal sin a dhúnadh.

([5]) Cinneadh (CBES) 2023/995 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 135, 23.5.2023, lch. 123).

12. Chun tús éifeachtúil a chur leis an gcomhar agus chun a áirithiú go bhfuil cáilíocht i dtionchar na dtionscadal ar thimpeallacht cosanta an Aontais, cuireann an Chomhairle chun suntais na buntáistí atá ann do na Ballstáit rannpháirteacha ó thaobh tograí tionscadail aibí a thíolacadh, agus coincheapa, amlínte, cuspóirí agus cláir oibre á sainaithint go soiléir. I bhfianaise na sraitheanna de thionscadail PESCO a thiocfaidh amach anseo, cuireann an Chomhairle i bhfios a riachtanaí atá sé na tionscadail atá ar na bacáin a bheith ábhartha go straitéiseach, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach agus go léireofaí leo an comhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, chomh maith le hiad a bheith nasctha le tosaíochtaí an Aontais i dtaca le forbairt cumas. Thairis sin, ba cheart do na tionscadail leas a bhaint as na deiseanna comhoibríocha, arna sainaithint ag Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, chun cumais chosanta chomhpháirteacha a fhorbairt. Chun na críche sin, moltar do na Ballstáit rannpháirteacha machnamh a dhéanamh ar thacaíocht rúnaíocht PESCO a lorg nuair a bhíonn tionscadail á gcur chun feidhme agus tograí tionscadail á nginiúint acu, de réir mar is iomchuí, agus leas a bhaint as saineolas na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus Fhoireann Mhíleata an Aontas Eorpaigh.

13. Arna iarraidh sin ag na Ballstáit rannpháirteacha, d'fhéadfadh rúnaíocht PESCO cruinnithe a mholadh agus a éascú idir grúpaí de thionscadail PESCO a bhfuil sineirgí agus comóntachtaí sainaitheanta acu, chun comhar a chur chun cinn agus chun tionchar agus éifeachtúlacht na dtionscadal sin a mhéadú, chun acmhainní a choigilt agus chun dúbailt neamhriachtanach a chosc. Thairis sin, le tacaíocht ó rúnaíocht PESCO de réir mar is iomchuí, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha leanúint d'fheabhas a chur ar an gcumarsáid straitéiseach maidir leis na tionscadail agus ar a úsáidí atá siad don chosaint agus don slándáil Eorpach. Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit chomhordúcháin eolas a thabhairt faoin dul chun cinn, lena n-áirítear Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh, nuair a bhainfidh a dtionscadail mór-gharspriocanna agus mórchuspóirí amach.

14. Meabhraítear don Chomhairle go bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a chomhlíonann na coinníollacha ginearálta a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO, i gcomhréir leis an nós imeachta cuiridh dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle ([6]). Tugann sí dá haire an spéis atá ag roinnt comhpháirtithe de chuid an Aontais páirt a ghlacadh i dtionscadail PESCO. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle go mbeidh Ceanada, don dara huair, rannpháirteach i dtionscadal de chuid PESCO , eadhon *Network of Logistic Hubs in Europe and Support to Operations* [Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus Tacaíocht d'Oibríochtaí] dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/385 ón gComhairle ([7]). Tá sí ag tnúth freisin le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe sa tionscadal Soghluaisteachta Míleata amach anseo, nuair a bheidh an Socrú Riaracháin curtha i gcrích, dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2244ón gComhairle ([8]).

III. Athbhreithniú Straitéiseach PESCO

15. I gcomhthéacs phróiseas an Athbhreithnithe Straitéisigh PESCO atá le tabhairt i gcrích roimh dheireadh 2025 ar a mhoille, mar a luaitear i bhfógra a thug PESCO, ina meabhraítear freisin cineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe, meabhraítear don Chomhairle go ndéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha measúnú ar chomhlíonadh na ngealltanas PESCO uile atá socraithe don chéim thosaigh, agus go bpléifidh agus go gcinnfidh siad gealltanais nua, d'fhonn tús a chur le céim nua i dtreo chomhtháthú slándála agus cosanta na hEorpa, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach.

16. Tugann an t-athbhreithniú straitéiseach PESCO sin deis mhór chun an fhorbairt a dhéanfar ar PESCO amach anseo a mhúnlú agus é a chur in oiriúint don chomhthéacs geopholaitiúil, agus an uaillmhian á coinneáil ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit rannpháirteacha leas a bhaint as an Athbhreithniú Straitéiseach PESCO chun PESCO a neartú ionas go mbeidh sé in ann barr a chumais a bhaint amach ar bhealach níos fearr. Trí thacaíocht níos fearr a thabhairt do na Ballstáit rannpháirteacha maidir lena bpleanáil a chomhchuibhiú agus na cumais is gá a áirithiú, is féidir le PESCO rannchuidiú go suntasach leis na spriocanna a comhaontaíodh agus feabhas breise a chur ar an gcomhleanúnachas le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí cosanta eile de chuid an Aontais. Gan réamhbhreith a dhéanamh ar thoradh an athbhreithnithe PESCO, bheadh sé ina chuidiú do na Ballstáit rannpháirteacha na gealltanais a chomhlíonadh dá ndéanfaí na gealltanais is ceangailtí a fhoirmliú ar bhealach atá níos sonraí, níos intomhaiste, níos indéanta, níos ábhartha agus iad a bheith faoi cheangal ama.

17. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an moladh ón Ardionadaí an t-Athbhreithniú Straitéiseach PESCO a sheoladh i mí na Samhna. Ba cheart garspriocanna agus amlínte an athbhreithnithe straitéisigh ar PESCO a bheith roinnte ar 3 chéim ar leith: céim an mhachnaimh (Samhain 2023–Bealtaine 2024) ina mbeidh plé idir na Ballstáit rannpháirteacha maidir le raon feidhme agus doimhneacht an athbhreithnithe; céim an chinnidh (Meitheamh–Samhain 2024) as a n-eascróidh comhaontú maidir leis na gnéithe de PESCO a bhfuiltear le hathchóiriú; agus céim an chur chun feidhme (le linn 2025) chun torthaí an Athbhreithnithe Straitéisigh PESCO a chur ar bhonn foirmiúil trí na gníomhartha dlíthiúla ábhartha a leasú, de réir mar is gá. Má thugtar an tAthbhreithniú Straitéiseach

([6]) Cinneadh (CBES) 2020/1639 ón gComhairle an 5 Samhain 2020 lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO (IO L 371, 6.11.2020, lch. 3)

([7]) Cinneadh (CBES) 2023/385 ón gComhairle an 20 Feabhra 2023 maidir le rannpháirtíocht Cheanada i dtionscadal PESCO Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus na Tacaíochta d'Oibríochtaí (IO L 53, 21.2.2023, lch. 14).

([8]) Cinneadh (CBES) 2022/2244 ón gComhairle an 14 Samhain 2022 maidir le rannpháirtíocht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i dtionscadal 'Soghluaisteacht Mhíleata' PESCO (IO L 294, 15.11.2022, lch. 22).

PESCO i gcrích in am, beifear in ann tús a chur leis an gcéad chéim eile de PESCO ó 2026 ar aghaidh agus é athbheoite agus níos láidre ná mar a bhí. Ós rud nach bhfuil san fhéilire atá beartaithe ach leagan tosaigh, féadfar é a choigeartú go bhfaighfear torthaí na céime machnaimh. Cuirfear clár oibre agus doiciméid tacaíochta níos sonraí ar fáil in am trátha. D'fhéadfaí tús a chur leis an gcur chun feidhme níos luaithe, dá n-aontódh na Ballstáit rannpháirteacha amhlaidh agus dá mb'fhéidir é.

IV. An bealach chun tosaigh

18. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an 20 gealltanas is ceangailtí, chun go gcomhlíonfar iad faoi 2025, chomh maith leis na tionscadail ghaolmhara, agus an Moladh seo á chur san áireamh. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart cabhrú leis na Ballstáit rannpháirteacha na gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh leis na tionscadail sin.

19. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thuilleadh gur gá na pleananna náisiúnta cur chun feidhme a dhíriú ar ghnéithe straitéiseacha agus beartais. Cuideoidh sé sin le PESCO rannchuidiú freisin leis na cuspóirí a comhaontaíodh sa Chompás Straitéiseach. Chuige sin, iarrtar ar na Ballstáit rannpháirteacha a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a nuashonrú agus iad a chur faoi bhráid rúnaíocht PESCO faoin 10 Márta 2024. Agus an méid sin á dhéanamh aici, cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá beartais cosanta na mBallstát rannpháirteach, pleanáil atá dírithe ar an todhchaí, agus cuspóirí a léiriú ar bhealach níos fearr d'fhonn a rún polaitiúil agus a bhfís pholaitiúil a leagan amach go soiléir chun na gealltanais a chur chun feidhme. Moltar do na Ballstáit rannpháirteacha freisin leanúint d'úsáid a bhaint as ardán digiteach GEC, eadhon Comhoibriú an Aontais i gCúrsaí Cosanta, chun a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a chur isteach toisc gurb é an modh is fearr leis an Ballstáit rannpháirteacha anois é chun pleananna náisiúnta cur chun feidhme a thabhairt cothrom le dáta.

20. In 2024, ba cheart do na Ballstáit rannpháirteacha uile ráiteas polaitiúil ardleibhéil a chur lena bpleananna náisiúnta cur chun feidhme, ina leagfar amach an méid atá bainte amach acu agus ina luafar tosaíochtaí náisiúnta. Áiritheofar leis sin an fhreagracht pholaitiúil is gá agus tacóidh sé leis an bplé ar an leibhéal polaitiúil, lena n-áirítear maidir le todhchaí PESCO tar éis na céime atá ar siúl faoi láthair i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh PESCO atá ar na bacáin.

21. Ag tabhairt dá haire go gcuireann PESCO creat ar fáil le haghaidh comhar níos dlúithe idir na Ballstáit rannpháirteacha trí ghealltanais agus tionscadail araon, molann an Chomhairle do na Ballstáit rannpháirteacha úsáid níos mó agus níos fearr a bhaint as agus sin i gcomhréir leis na tionscnaimh agus leis na próisis eile a bhaineann leis an gcosaint, go háirithe an Plean Forbraíochta Cumas, Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint agus an Ciste Eorpach Cosanta. Thairis sin, iarrtar orthu freisin, agus an Compás Straitéiseach á chur san áireamh, deiseanna nua féideartha a thabhairt ar aghaidh faoi chuimsiú PESCO i gcás inar féidir, i ndáil leis an soláthar comhpháirteach i gcomhréir iomlán le cláir na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus le Rialachán (AE) 2023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch, agus dlús a chur le hacmhainneacht táirgeachta EDTIB i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) maidir le tacú le táirgeadh armlóin.

22. Tá an Chomhairle tiomanta do chomhleanúnachas thionscnaimh chosanta an Aontais agus measann sí go bhfuil PESCO ina chuid lárnach den chomhleanúnachas sin, lena n-áirítear i bhfianaise aon bheartais agus ionstraimí de chuid an Aontais a bhaineann le cosaint a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, meabhraíonn an Chomhairle gur gá a chinneadh cén cineál agus cén méid a bheidh ag na sineirgí a d'fhéadfaí a fhorbairt idir PESCO agus ionstraimí a bheidh ann amach anseo atá ceaptha chun EDTIB a threisiú.

23. I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil agus na n-iarrachtaí nua atá á ndéanamh i réimse na cosanta san Aontas, tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar móiminteam polaitiúil agus feabhas ar fhreagracht na mBallstát rannpháirteach chun go leanfaidh PESCO de bheith ina thionscnamh fíorstraitéiseach. Ba cheart leanúint den phlé polaitiúil ardleibhéil rialta idir na Ballstáit rannpháirteacha agus an tArdionadaí, ina cháil freisin mar Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin agus mar Cheann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, lena n-áirítear i gcomhlachtaí ullmhúcháin faoi seach de chuid na Comhairle, go háirithe an Coiste Polaitiúil agus Slándála, Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh agus an Grúpa um Fhaireachán Polaitiúil, agus i bhformáidí ábhartha eile. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar rúnaíocht PESCO leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit rannpháirteacha sna gníomhaíochtaí a shainaithnítear sa mholadh seo, lena n-áirítear trí chruinnithe rialta le hionadaithe na mBallstát rannpháirteach sin.

([9]) Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, p. 7).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES